Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 9

# Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig na gCoimisnéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile riartha ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €8.28 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Sócmhainní caipitil:Feithiclí agus Trealamh***

Áiríear feithiclí urghafa a letithreasaigh na Coimisinéirí Ioncaim sna sócmhainní caipitiúla ar luach an mhargaidh oscailte ag tráth an leithreasa agus dímheastar iad ar ráta 20% sa bhliain ar bhonn líne dhíreach. Dímheastar cuitéar an Chustaim ag ráta 5% per annum de réir méid chothroim.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta, le cuntasacht chomhfhreagrach
- Leagadh síos socruithe tuairiscíochta ag gach leibhéal inar sannadh freagrachtaí as bainistiú an airgeadais.
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta maidir le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus cuíghníomhaíocht ceartaithe a chinntiú
- tá coiste iniúchóireachta ann chun mé a chomhairliú faoi chomhlíonadh mo dhualgais i leith córais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairiscíocht Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- Cinntíonn an Oifig go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Cloíonn an Oifig leis na treoirlínte ach amháin i gcás 4 chonradh ar fiú €533,487 iad. Níor tugadh faoi phróiseas iomaíoch i gcás na gconarthaí sin de bharr soláthar práinneach nó teacht srianta a bheith i gceist agus tá siad san áireamh i dtuairisceán Ciorclán 40/2002.

**Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Josephine Feehily**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

28 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

6 Lúnasa 2014

# Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Riarachán agus Bailiú Cánacha, Dleachtanna agus Bainistiú Teorann | 393,992 | 393,062 | 381,474 |
| | **Ollchaiteachas** | **393,992** | **393,062** | **381,474** |
| | *Bain de:* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **71,287** | **78,637** | **73,347** |
| | **Glanchaiteachas** | **322,705** | **314,425** | **308,127** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le géilleadh | 8,280,139 | 3,850,808 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 287,902 | 287,564 | 282,580 |
| ii | Taisteal agus cothú | 3,500 | 3,371 | 3,192 |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | 14,466 | 17,368 | 12,357 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 11,950 | 10,535 | 9,186 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 52,585 | 52,623 | 49,179 |
| vi | Costais áitribh oifige | 5,843 | 7,021 | 8,775 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 45 | 25 | 35 |
| viii | Mótarfheithiclí agus trealamh cothabhála | 3,400 | 3,526 | 2,064 |
| ix | Luaíocht, táillí agus muirir dlí | 13,460 | 10,437 | 13,675 |
| x | Cúiteamh agus caillteanais | 466 | 437 | 431 |
| xi | Uachtaránacht an AE | 375 | 155 | - |
| | | 393,992 | 393,062 | 381,474 |

# Nótaí i leith an Chuntais Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 287,564 | 282,580 |
| Caiteachas eile | | 105,498 | 98,894 |
| **Ollchaiteachas** | | **393,062** | **381,474** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **78,637** | **73,347** |
| **Glanchaiteachas** | | **314,425** | **308,127** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ar cheannacháin | (7,571) | | |
| Dímheas | 17,286 | | |
| Airgead ar dhiúscairtí | 15 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 10 | | |
| | | 9,740 | 11,599 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (13,392) | (16,829) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 6,921 | | |
| Laghdú ar stoc | 117 | | |
| | | 7,038 | 1,684 |
| **Caiteachas díreach** | | **317,811** | **304,581** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgead) (nóta 1.1) | | 72,533 | 74,330 |
| Measchíosanna (neamhairgid) | | 10,993 | 11,378 |
| **Costas glan clár** | | **401,337** | **390,289** |

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Tá méid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta a leanas maidir le Vóta 9 a tabhaíodh in áit eile agus méideanna a íoctar ar an Vóta maidir le seirbhísí eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | | 55,194 | 63,983 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 20,191 | 18,235 |
| | | 75,385 | 82,218 |
| Seirbhísí a sholáthar na Coimisinéirí gan muirear[1] | m | (2,852) | (7,888) |
| | | 72,533 | 74,330 |

[1] Anuas ar na seirbhísí a soláthraíodh nár gearradh aon chostas ina leith ar Vótálacha eile (€2.85 milliún), soláthraíodh seirbhísí ar luach thart ar €483,000 gan aon chostas a ghearradh ar chomhlachtaí eile ina leith.

Ciallaíonn “m” gur luach measta nó costas cionroinnte é an uimhir.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 62,512 | 56,968 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 4,282 | 6,199 |
| | | **66,794** | **63,167** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 10,297 | 9,929 |
| Stoic | 2.5 | 1,542 | 1,659 |
| Réamhíocaíochtaí | | 6,991 | 12,684 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,946 | 2,126 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 1,026 | 961 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **21,802** | **27,359** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 4,194 | 3,214 |
| Ioncam iarchurtha | | 80 | 37 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 11,183 | 11,212 |
| Glandliteanas dlite don/(ón) Státchiste | 2.8 | 140 | (322) |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **15,597** | **14,141** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **6,205** | **13,218** |
| **Glansócmhainní** | | **72,999** | **76,385** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **72,999** | **76,385** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 76,385 | 72,791 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 322,705 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (8,280) | | |
| Vóta glan | | | 314,425 | 308,127 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 72,533 | 74,330 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 10,993 | 11,378 |
| Nithe neamhairgid eile – feithiclí a urghabháladh | | | — | 48 |
| Costas glan clár | 1 | | (401,337) | (390,289) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **72,999** | **76,385** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Feithiclí agus trealamh | Trealamh Oifige | Troscán agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2013 | 13,290 | 372,823 | 53,437 | 439,550 |
| Breiseanna | 334 | 20,637 | 1,884 | 22,855 |
| Aistrithe chuig an Roinn Dlí agus Cirt | — | (7) | — | (7) |
| Diúscairtí | (135) | (965) | (121) | (1,221) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2013 | 13,489 | 392,488 | 55,200 | 461,177 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2013 | 10,177 | 323,560 | 48,845 | 382,582 |
| Aistrithe chuig an Roinn Dlí agus Cirt | — | (7) | — | (7) |
| Dímheas don bhliain | 658 | 15,435 | 1,193 | 17,286 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (134) | (959) | (103) | (1,196) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2013 | 10,701 | 338,029 | 49,935 | 398,665 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **2,788** | **54,459** | **5,265** | **62,512** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **3,113** | **49,263** | **4,592** | **56,968** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt

| ag 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhairí in-tí |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ag 1 Eanáir 2013 | 6,199 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 13,392 |
| Aistrithe go clár sócmhainní | (15,309) |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ag 31 Nollaig 2013 | 4,282 |

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 10,377 | 10,011 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (80) | (82) |
| | 10,297 | 9,929 |

| **2.5 Stoic** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht agus stóir bheaga | 705 | 772 |
| Ábhar Inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 420 | 542 |
| Trealamh/éadaí/ilghnéitheach | 417 | 345 |
| | 1,542 | 1,659 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airleacain ar fhoirgneamh comhroinnte | 181 | 238 |
| Airleacain do chríocha costas taistil agus cothabhála | 11 | 13 |
| Suimeanna atá dlite don OOP d'oibreacha tógála, srl. | 564 | (143) |
| Míreanna ilghnéitheacha ar fionraí | 170 | 749 |
| Vóta 10 Na Coimisinéirí Achomhairc | 100 | 104 |
| | 1,026 | 961 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 4,112 | 4,148 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,439 | 1,335 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1,124 | 1,508 |
| Cáin Breisluacha | 467 | 359 |
| Cáin Chonarthaí Ábhartha | — | 2 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 36 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 569 | 549 |
| Fáltais bhreise an státchiste | 366 | 137 |
| | 8,113 | 8,038 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 2,854 | 2,818 |
| Caiteachas infhorchúitithe roimh ré | 201 | 336 |
| Míreanna eile creidmheasa ar fionraí | 15 | 20 |
| | 11,183 | 11,212 |

| **2.8 Glandliteanas don/(ón) Státchiste** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 8,280 | 3,851 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (8,140) | (4,173) |
| Glandliteanas don/(ón) Státchiste | 140 | (322) |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 10,297 | 9,929 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 1,026 | 1,104 |
| | 11,323 | 11,033 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (8,113) | (8,038) |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | (3,070) | (3,317) |
| | (11,183) | (11,355) |
| | | |
| | 140 | (322) |

| **2.9 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán ceangaltais infhorfheidhmithe le dlí | 963 | 852 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Riarachán agus bailiú cánacha, dleachtanna agus bainistiú teorann** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá[1] | 287,927 | 287,592 | 282,580 |
| A.2 | Riarachán – caiteachas eile | 106,065 | 105,470 | 98,894 |
| | | **393,992** | **393,062** | **381,474** |

[1] Áirítear leis an bhfigiúr iomlán pá, €28,000 maidir le pá a áirítear faoi chaiteachas uachtaránacht an AE san anailís ar chaiteachas riaracháin.

**Míniú ar Athruithe Suntasacha**

Soláthraítear díolúine i gcás gach fotheideal caiteachais sa chás nárbh ionann an toradh agus an méid a measadh de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 25%. Níor chomhlíon aon toradh den Vóta na critéir seo in 2013.

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an Scéim Árachais Sóisialach Pá-Choibhneasta | 37,437 | 37,437 | 37,437 |
| 2. | Fíneálacha, forghéilleanna nó costais dlí aisghafa | 4,000 | 3,598 | 3,892 |
| 3. | Uimhreacha le caomhnú | 50 | 93 | 55 |
| 4. | Fáltais maidir le bailiúchán an Tobhaigh Chomhshaoil | 400 | 399 | 402 |
| 5. | Sciar an chostais bailithe SASP (Údarás Aonair ar mhaithe le Nósanna Imeachta Simplithe) | 12,200 | 17,850 | 14,440 |
| 6. | Ilghnéitheach | 1,000 | 2,754 | 1,041 |
| 7. | Fáltais ó laghdú a bhaineann le pinsean ar fháltais seirbhíse poiblí maidir le foireann státseirbhíse | 16,200 | 16,506 | 16,080 |
| | **Iomlán** | **71,287** | **78,637** | **73,347** |

**Míniú ar Athruithe Suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fíneálacha, forghéilleanna, costais dlí aisghafa | 402 | Deacair meastachán cruinn a thabhairt de bharr éiginnteachta maidir le méideanna agus uainiú fáltas. |
| Sciar de chostas bailithe SASP | (5,650) | Léiríonn costais bhailithe i ndáil le dleachtanna Custaim. Is deascair seo a mheas mar gheall go mbaineann na híocaíochtaí le luach na n-iompórtálacha ag cuideachtaí príobháideacha. |
| Ilghnéitheach | (1,754) | Fuarthas fáltais mhéadaithe i bhfoirm mhuirear nuair a úsáideadh cártaí creidmheasa mar mhodh íocaíochta (bíonn méadú comhfhreagrach le sonrú ar chostais bhainc a ghearrtar ar chaiteachas), agus i bhfoirm tháillí a tuilleadh maidir le haisíocaíochtaí CCF (VRT) le haghaidh easpórtálacha feithicle agus aisíocaíochtaí leis an Vóta a tugadh do leachtaitheoirí. |

**4.2 Fáltais breise is iníoctha leis an Státchiste.**

| | 2013 Réadaithe | 2013 Íoctha | 2012 Réadaithe |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Airgead tirim forghéillte[1] | 515 | 652 | 2,012 |
| Oibriúcháin frithghóchumtha/frithchontrabhanna[2] | 601 | 235 | 695 |
| Ús bainc[3] | 30 | 30 | 189 |
| Géilleadh deonach tuarastail[4] | 15 | 15 | 16 |
| | 1,161 | 932 | 2,912 |

[1] Airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994. Fuarthas €137,281 de sin i Mí na Nollag 2012 agus tá sé le híoc chuig an Státchiste i 2013.

[2] Cion na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta frithghóchumtha/ frithchontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní. Fuarthas €365,667 den mhéid sin i Nollaig 2013 agus íocadh leis an Státchiste é in Eanáir 2014.

[3] Ús bainc ar chuntais Choimisinéirí Ioncaim atá á sealbhú leis an mBanc Ceannais.

[4] Géilleadh deonach an tuarastail faoi Alt 483 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 5,868 | 5,715 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 265,521 | 263,641 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 3,887 | 3,993 |
| Ragobair | 5,383 | 2,805 |
| ÁSPC an Fhostóra | 12,801 | 12,141 |
| **Pá iomlán** | **287,592**[1] | **282,580** |

[1] Áirítear €384,000 leis na costais iomlána phá maidir leis an bhfoireann a riarann párolla na gCoimisinéirí Ioncaim sna Comhsheirbhísí Airgeadais (rannóg den Ronn Dlí agus Cirt agus Comhionannais).

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair | Uasíocaíocht Aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2013 | 2012 |
| | | | € | € |
| Ard-Dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 261 | 14 | 19,568 | 19,568 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 2,109 | 178 | 27,348 | 18,465 |
| Liúntais le haghaidh uainoibre agus as a bheith ar uainchlár | 197 | 30 | 22,756 | 22,435 |
| Míreanna Ilghnéitheacha | 63 | 2 | 11,305 | 15,925 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

### 5.2 Dámhachtainí Airgid Feidhmíochta

San iomlán caitheadh €96,666 ar dhámhachtainí eisceachtúla feidhmíochta, i.e. 1,392 dámhachtain aonair, arbh fhiú idir €19 agus €750 iad, agus aon dhámhachtain fhoirne arbh €1,750.

### 5.3 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Ba é €385,719 (2012: €345,559) an costas gan forchúiteamh a bhain le foireann an Choimisinéara Ioncaim a bhí ar iasacht do ranna/gníomhaireachtaí eile.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Nithe a Díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas i rith na bliana.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stoc as feidhm | 12 | 110 |
| Iarmhéid cuntas fionraí re: óinchistí | 6 | — |

### 6.2 Maoiniú AE

Fuarthas deontas €22,500 ón Oifig Frith-Chalaoise Eorpach chun meaisíní X-gha a cheannach.

### 6.3 Luaíocht, táillí agus muirir dlí (fo-mhírcheann A (ix))

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Rangaítear costais dlí a íocadh i rith na bliana mar seo a leanas: | | |
| Dlíodóirí Seachtracha | 5,348 | 4,994 |
| Táillí Abhcóide | 1,796 | 2,223 |
| | | |
| Táillí agus costais eile: | | |
| Costais Féimheachta/leachtaithe | 1,698 | 3,204 |
| Táillí cúirte | 988 | 2,478 |
| Costais agus duaiseanna ilghnéitheacha | 607 | 776 |
| | 10,437 | 13,675 |

### 6.4 Costais Chúitimh (fo-mhírcheann A (x))

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais Chúitimh | 437 | 431 |

Íocadh cúiteamh €255,317 (2012: €392,007) i ndáil le caingne dlí ón bpobal.

Íocadh suim iomlán de €179,715 (2012: €33,828) i ndáil le héilimh cúitimh ag baill foirne a rinneadh tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

### 6.5 Dliteanas Teagmhasach

Bhí dliteanais theagmhasacha €1.7 milliún (2012: €580,000) ag na Coimisinéirí Ioncaim.